Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Iúil 2022
(OR. en)

9279/1/22
REV 1 ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0399(COD)**

INST 192
JUR 353
JUSTCIV 71
CODEC 740
PARLNAT 111

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 a mhéid a bhaineann le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú chun é a oiriúnú dAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh<br>– Statement of the Council's reasons<br>– Adopted by the Council on 28 June 2022 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Nollaig 2016, ghlac an Coimisiún Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla i réimse an Cheartais lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[1].

2. An 20 Márta 2018, ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) cur chuige ginearálta páirteach[2] nár chumhdaigh gníomhartha 1 agus 3 den togra a rabhthas ag súil le tograí comhthreomhara ón gCoimisiún ina leith. Ag cur san áireamh go ndearnadh tograí comhthreomhara i gcás ghníomhartha 1 agus 3[3], an 20 Nollaig 2018 ghlac an Chomhairle a cur chuige ginearálta[4] lena gcumhdaítear an t-aon ghníomh atá fágtha, Rialachán (CE) Uimh. 805/2004, a oiriúnú lena gcruthaítear Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach d'éilimh neamhchonspóidithe[5].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ag seisiún iomlánach dá cuid an 17 Aibreán 2019[6].

4. Cuireadh tús leis an bplé idirinstitiúideach ar an leibhéal teicniúil maidir leis an togra an 5 Nollaig 2019, faoi Uachtaránacht na Fionlainne. Ó shin i leith, tionóladh trí chruinniú ar an leibhéal teicniúil: dhá cheann faoi Uachtaránacht na Cróite, an 30 Eanáir 2020 agus an 20 Feabhra 2020, agus an tríú ceann an 10 Márta 2022, faoi Uachtaránacht na Fraince. Ag an gcruinniú sin, thángthas ar chomhaontú sealadach ar an leibhéal teicniúil.

5. Ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Bealtaine 2022, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh críochnaitheach sin d'fhonn teacht ar chomhaontú[7].

---

1 5705/17.
2 6932/18.
3 9620/18, 9622/18.
4 14955/18.
5 IO L 143, 30.4.2004, lch. 15.
6 P8_TA(2019)0411.
7 9280/22.

6. An 2 Meitheamh 2022, d'fhormhuinigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Dlíthiúla an téacs comhréitigh críochnaitheach. Ina dhiaidh sin, an 3 Meitheamh 2022, sheol Cathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar cuireadh in iúl go molfadh an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla don seisiún iomlánach go bhformheasfadh an Pharlaimint seasamh na Comhairle ar an dara léamh gan aon leasú a dhéanamh, faoi réir fíorú dlí agus teanga, dá ndéanfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh a tharchur go foirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an téacs comhréitigh a comhaontaíodh ar an leibhéal teicniúil.

## II. CUSPÓIR

7. Bhain an togra le hailíniú trí ghníomh reachtacha i réimse an Cheartais leis an gcreat dlíthiúil dá bhforáiltear le Conradh Liospóin, ar gníomhartha iad a bhí fós ag tagairt, tráth an togra, don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a bunaíodh le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle[8]. Idir an dá linn, rinneadh Gníomh 1 (Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle) agus Gníomh 3 (Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007) den togra ón gCoimisiún a ailíniú trí thograí comhthreomhara ar leithligh. Is é an cuspóir, dá bhrí sin, an gníomh atá fágtha (Rialachán (CE) Uimh. 805/2004) a chur i gcomhréir le Conradh Liospóin trí na cumhachtuithe lena dtagraítear don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú do ghníomhartha tarmligthe nó do ghníomhartha cur chun feidhme.

8. Tá an Rialachán seo ag teacht leis an ngealltanas a thug Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[9] an reachtaíocht atá ann cheana a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil a tugadh isteach le Conradh Liospóin.

---

8 Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23).
9 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### A. Barúlacha ginearálta

9. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta féachaint le teacht ar chomhaontú go luath le linn an dara léamh, bunaithe ar sheasamh ón gComhairle ar an gcead léamh, a d'fhéadfadh Parlaimint na hEorpa a fhormheas sa riocht sin. Léirítear go hiomlán le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar tháinig na comhreachtóirí air.

### B. Barúlacha sonracha

10. Ó thús an phlé, bhí comhaontú ann idir na comhreachtóirí gurbh éigean an cumhachtú i Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 lena ndéantar tagairt don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú do chumhachtaí tarmligthe ós rud é gur tugadh de chumhacht don Choimisiún leis an gcumhachtú sin na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú. Bhí éagsúlacht sna seasaimh maidir leis an tréimhse agóide i gcoinne an ghnímh tharmligthe: cé go bhféadfadh an Chomhairle glacadh leis an bhfad caighdeánach a mhol an Coimisiún (2 mhí ar féidir síneadh 2 mhí eile a chur léi ar thionscnamh na Parlaiminte nó na Comhairle), mhol an Pharlaimint tréimhse agóide 3 mhí, ar tréimhse í ar féidir síneadh 2 mhí eile a chur léi. Ag an gcruinniú teicniúil an 10 Márta 2022, thug an Pharlaimint le fios go raibh sí réidh le himeacht óna seasamh éagsúil maidir le fad na tréimhse agóide, rud a réitíonn an bealach do théacs comhréitigh.

11. Ó thaobh substainte de, tá seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh ag teacht le cur chuige ginearálta na Comhairle den chuid is mó, le mionathruithe ar fhoclaíocht an chumhachtaithe chun teanga a comhaontaíodh cheana a léiriú i Rialachán 2019/1243 lena n-oiriúnaítear roinnt gníomhartha dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú d'Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[10]. Tá formáid an téacs an-éagsúil leis an togra ón gCoimisiún chun a léiriú ar bhealach níos fearr nach bhfuil ach gníomh amháin le hailíniú faoin Rialachán seo, tar éis an dá ghníomh eile a bhí mar chuid den togra tosaigh ón gCoimisiún a bhaint. Dá bhrí sin, baineadh an Iarscríbhinn agus ionchorpraíodh an t-ábhar atá inti i gcorp an ghnímh.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

12. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 a mhéid a bhaineann le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú chun é a ailíniú le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú na hEorpa, léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht idir ionadaithe ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa, arna héascú ag an gCoimisiún. Dearbhaítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 3 Meitheamh 2022.

---

[10] IO L 198, 25.7.2019, lch. 241.